



BORD AN LÁRIONAID CÓIREÁLA DRUGAÍ

35 BLIAIN AR AGHAIDH

Tuarascáil Bhliantúil 2003

ábhar

Misean agus Fís	1	Tuarascáil an Bhainisteora	8
Faoin DTCB	2	Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil	12
Ráiteas an Chathaoirligh	6	Treochtaí i 2003	16



Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí
Cúirt na Tríonóide
30-31 Sráid an Phiarsaigh
Baile Átha Cliath 2
T: 01 - 648 8600
F: 01 - 648 8700
ríomhphost: info@dtcb.ie
láithreán: gréasáinwww.addictionireland.ie

misean

Seirbhís andúilíochta speisialtach a sholáthar a oibríonn ar bhealach teiripeach, cineálta agus comhoibritheach, agus ag an am céanna a thugann stiúir agus eolas ar dhea-chleachtas.

fís

Agus muid ar an Lárionad Cóireála Drugaí is mó agus is faide bunaithe sa tír, is é ár n-aidhm leanúint de bheith ag soláthar réimse leathan cóireálacha speisialtacha do dhaoine a bhíonn ag tógáil drugaí agus nach bhfuil aon dídean acu agus iad sin a dteastaíonn cúnamh speisialtach síciatrach, síceolaíoch, sóisialta agus liachta uathu. Is é ár n-aidhm chomh maith leis sin:

- leanúint ag feabhsú agus ag forbairt na seirbhísí a thairgimid ó thaobh cóireála a thabhairt i gcás mí-úsáide substaintí
- cur leis an bpolasaí cóireála drugaí agus
- gníomhú mar ionad acmhainne lárnaigh agus oiliúna do dhaoine gairmiúla a oibríonn sa réimse a bhaineann le mí-úsáid substaintí.

Mar sheirbhís speisialtach cuirimid le polasaithe a bhíonn ag díriú ar an saol amach anseo maidir le cóireáil, cosc, oideachas, athshlánú, iarchúram, agus cláir chúraim chuí a fhorbairt dóibh siúd a gcuireann mí-úsáid substaintí isteach orthu.

I gcomhair le lucht oideachais, le gníomhaireachtaí reachtúla, deonacha agus pobail eile, oibrimid le spiorad neamhspleáchais agus rogha a chothú i measc cliant, chomh maith le dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun cinn i gcoireálacha teiripeacha agus clínicíúla.

Is cuid thábhachtach é taighde ó thaobh measúnachta a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus atá polasaithe atá ann cheana féin agus ó thaobh forbairt a dhéanamh ar fhorbairt polasaí chuí. Tugaimid tacaíocht dó sin trí thaighde atá bunaithe ar fhianaise a thabhairt isteach, ag laghdú mar a théimid i dtuilleamaí fianaise starógach. Soláthraíonn ár seirbhís speisialtach chomh maith leis sin cleachtas bunaithe ar fhianaise a thacaíonn le léargas a fháil maidir le héifeachtacht cóireálacha reatha agus dea-chleachtas laistigh den réimse andúilíochta. Mar sin, agus mar mhol seirbhísí andúilíochta, is é ar n-aidhm eolas a thabhairt maidir le dea-chleachtas agus é a stiúradh agus cur leis an bpolasaí cóireála drugaí.

about (DTCB)

Bunaíodh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí, ar a tugadh an tSeirbhís Náisiúnta Comhairle agus Cóireála Drugaí, i 1969 agus í ar an tseirbhís cóireála is faide bunaithe sa tír. Bhí an t-ionad lonnaithe ar dtús ag an 'otharlann carthanachta', in Ospidéal Sráid Jervis, i mBaile Átha Cliath 1, a bunaíodh i 1718. Is ó theaghlach a raibh baint acu leis an ionad ó 1909 é cathaoirleach reatha Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí, an tUasal Denis McCarthy. Ag deireadh 1987 dúnadh Ospidéal Sráid Jervis. Bunaíodh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí le hionstraim reachtúil i 1988 agus fuair an lárionad áitreabh nua i gCúirt na Tríonóide, 30-31 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2. Faighimid maoiniú ó Udarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir (ERHA).

Táimid tiomanta do chóireáil éifeachtach, d'ardchaighdeán agus cóireáil atá dírithe ar an gcliant a sholáthar. Soláthraítear é sin ar bhealach cineálta, gairmiúil, ag glacadh san áireamh riachtanais aonair ár gcliant laistigh de shocrú ildhisciplíneach. Tairgimid treoir agus oiliúint do lucht gairme eile a bhíonn ag obair sa réimse mí-úsáide substaintí agus cuirimid le forbairt polasaí maidir le bainistíocht drugaí agus andúilíochta.

I gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, soláthraíonn Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí cláir choiscitheacha, chóireála, athshlánaithe agus iarchúraim d'eisoithar agus othair chónaitheacha leis an droch-éifeacht a bhaineann le handúilíocht drugaí a laghdú agus cosc a chur ar scaipeadh HIV agus galair ionfhabhtaithe eile.

Soláthraítear saoráidí cóireála eisoithar ar an láthair. Tá saoráidí díthoscaithe d'othair chónaitheacha lonnaithe i Bharda Naomh Micheál, Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath (aonad 10 leaba) agus i gCuan Dara, Ospidéal Cherry Orchard, Baile Átha Cliath (aonad 17 leaba).

Chomh maith leis sin soláthraímid seirbhís Saotharlainne Náisiúnta Anailíse Drugaí a thacaíonn le polasaí cóireála, a dhéanann monatóireacht ar threochtaí agus a thacaíonn le pleanáil seirbhíse agus le deachleachtas ó thaobh cóireála a thabhairt i mí-úsáid drugaí agus cúram agus bainistiú a dhéanamh air. Tacaíonn ár roinn taighde le cleachtas atá bunaithe ar fhianaise ó thaobh polasaí cóireála drugaí agus forbairtí cliniciúla.

Áirítear le Seirbhísí Cliniciúla Speisialtachta ar an láthair:

Measúnacht Shiciatrach agus Liachta Ginearálta

- Measúnachtaí siciatracha do ghníomhaireachtaí boird sláinte eile
- Cosc ar Ionfhabhtuithe Víreasacha agus Cóireáil
- Seirbhísí Chúram Príomha
- Clinic Sláinte Gnéis
- Seirbhísí Idirchaidrimh Mhná Cabhracha
- Cláir Chóireála – mí-úsáid Polasubstaint
- Clár do Dhaoine Óga (YPP) (19 agus faoi)
- Seirbhísí comhairleacha do ghairmithe eile

Seirbhísí Eile

- Sláinte Oibre
- Comhairleoireacht agus Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh
- Seirbhísí Obair Shóisialta
- Grúpaí speisialtachta i gcás mí-úsáid cóicín agus alcóil
- Seirbhísí Leasa
- Teiripeacha Comhlántacha
- Seirbhísí For-rochtana
- Seirbhísí Seomra Súgartha Intí
- Ranganna Litearthachta
- Taighde
- Liosta Cóireála Lárnach
- Saotharlann Náisiúnta Anailíse Drugaí



comhaltaí an bhoird



An tUasal Denis P. McCarthy
Cathaoirleach



An tUasal Dan McGing



An tUasal Kieran Taaffe



An Dr. John O'Connor



Fionnuala Anderson Uasal



An Dr. Declan Bedford



An Dr. Eamon Keenan



An Comhairleoir Christy Burke



An Dr. Íde Delargy



An tUasal Brian Melaugh



Chairman's Statement

Tá ríméad mór orm ár dTuarascáil Bhliantúil 2003 a thabhairt isteach, an chéad thuarascáil ón mBord nua a bunaíodh i 2003. Soláthraíonn an tuarascáil cuntas eolasach faoinár gcuid gníomhaíochtaí agus ár bhforbairtí le linn 2003 agus ár gcuid pleananna amach anseo.

Agus iad ag seachadadh seirbhísí tá an Bord tógtha i gcónaí le tiomantas agus dúthracht leanúnach ár bhfoirne.

Tá an tuarascáil curtha le chéile agus ceiliúradh á dhéanamh againn ar 35 bliain seachadadh seirbhísí speisialtacha sa réimse a bhaineann le mí-úsáid substaintí. Agus muid ar an tseirbhís cóireála speisialtacht is mó agus is faide bunaithe in Éirinn, táimid mórtasach as an méid atá déanta againn maidir le polasaí cóireála drugaí agus cleachtas le linn an ama sin. Tríd ár seirbhísí speisialtacha, agus ár saineolas, táimid fós mar cheannródaithe ar sheirbhísí andúilíochta agus muid chun cinn ó thaobh samhlacha dea-chleachtais a fhorbairt.

I 2003 leanamar ag léiriú an chur chuige fhorghníomhaigh agus nuálaigh atá againn maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú mí-úsáid drugaí. Sampla den sórt sin a bhí sa chlár ceannródaíochta cóireála Heipitíteas C, clár píolótach ar an láthair a bhí ar bun inár lárionad cóireála, ar chuireamar tús leis i Márta 2003. Mar gheall gur éirigh chomh maith sin leis an gclár ag an tús tá pleananna againn an tseirbhís chóireála a leathnú chuig 20 duine eile a bhfuil Hipitíteas C ag dul dóibh i 2004. Léiríonn an clár, a fhaigheann tacaíocht ó fhoilsiú ár leabhrán eolais "Hepatitis C A Guide for Drug Users and their Families", agus a sheol an tAire Sláinte agus Leanaí an tUasal Micheál Martin i mí na Nollag 2003, an cumas atá ag an eagraíocht a bheith chun tosaigh ó thaobh cóireála drugaí agus ó thaobh caighdeán saoil cliant agus teaghlaigh a fheabhsú.

Léirigh an taighde saotharlainne a rinneamar ardú suntasach ó thaobh úsáide cóicín. Leanaimid ag forbairt ár gclár le freastal ar riachtanais shonracha an dreama atá ag glacadh cóicín trí ghrúpaí tiomanta agus struchtúrtha a bhunú.



“I 2003 leanamar ag léiriú an chur chuige fhorghníomhaigh agus nuálaigh atá againn maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú mí-úsáid drugaí.”



Tosaíocht lárnach de chuid an Bhoird i 2003 ab ea a chinntiú go bhfaigheadh daoine gan dídean agus daoine óga faoi 18 bliana déag rochtain níos fearr ar ár gcuid seirbhísí. I gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí do dhaoine gan dídean agus don óige rinneamar forbairt fhorghníomhach ar bhealaí le go bhfaigheadh na grúpaí sin rochtain dhíreach ar ár seirbhís. Rinneamar forbairt chomh maith leis sin ar bhealaí cúraim a chinntigh go mbeimid dírithe ar ár gcliainnt i gcónaí agus muid ag pleanáil agus seachadadh seirbhíse.

Chuireamar tús i 2003 le próiseas comhairliúcháin le seirbhísí fiaclóireachta Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir (ERHA)/ Bhord Sláinte an Limistéir Thiar Theas (SWAHB) le seirbhís fiaclóireachta ar an láthair a fhorbairt. Tá sé beartaithe againn tús a chur leis an tionscnamh sin i 2004. Leanfaimid chomh maith lenár gcórais TÉ a chur i bhfeidhm ag teacht leis an straitéis Teicneolaíochta agus Cumarsáide an Eolais atá againn (2002).

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le hIonataobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte & Leanaí agus le hÚdarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir as a dtacaíocht leanúnach. Tá an t-ádh linn sa mhéid go bhfuil grúpa bainisteoirí agus foirne iontach againn atá dírithe agus tiomanta. Faoi threoir an Bhainisteora Boird agus Ghinearálta, Shelia Heffernan, cuireann an fhoireann ar ár gcumas oibriú ar an méid a bhainimid amach. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an bhFeidhmeannas Seirbhíse Sláinte chun cuidiú linn cur leis an seachadadh a dhéanaimid ar sheirbhís chóireála drugaí d’ardchaighdeán. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le mo chomhghleacaithe ar an mBord, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as an sár-obair atá ar siúl acu.

Denis P. McCarthy
Cathaoirleach
Iúil 2004

General Manager's Report



“Ócáid mhór i 2003 ná nuair a sheol an tAire Micheál Martin, an tAire Sláinte agus Leanaí ár leabhrán ar Heipitéas C A Guide for Drug Users and their Families”

Agus muid ag tabhairt seirbhíse anois le 35 bliain tá an Bord ag leanúint leis an gcomhdhlúthú agus leis an obair ar sheirbhísí atá ann cheana féin trí thabhairt faoi chlár caighdeán fheabhsaithe chomh maith lenár gcumas a fhorbairt le dea-chleachtas a stiúradh agus eolas a thabhairt faoi. Tá An Straitéis Sláinte, Cailíocht agus Cothroime - Córas Sláinte Duitse, Ag Oibriú ar an Saol Amach Anseo – plean gnímh do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2001-2003 agus An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008 i measc na bpríomhdhoiciméad atá mar bhonn taca ag straitéisí agus ag pleananna an Bhoird. Fáiltimid roimh Leasú na Seirbhíse Sláinte agus na ndeiseanna agus na ndúshlán a thugann sin dúinn agus muid ag leanúint lenár dtiomantas maidir le cúram d’ardchaighdeán atá dírithe ar an gcliant a chinntiú.

Le 34 bliain anuas agus muid ag seachadadh seirbhísí, tá soláthar déanta againn ar sheirbhísí cóireála speisialtacha i réimse diagnóis shíciatrach agus dé-dhiagnóis. Chomh maith leis sin bhí saineolas againn ar anailís treochta ó thaobh mí-úsáide drugaí. Féadfaimid breathnú

siar anois ar an méid atá déanta ag an eagraíocht, agus an méid a dhéanaimid i gcónaí ó thaobh cóireála, cúraim agus bainistiú mí-úsáide substaintí.

I 2003 thug 117,150 cliant cuairt ar Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Bhain 1,462 duine leas as seirbhísí, 902 acu atá ag fáil cóireála. Astu sin tháinig 92 i láthair ár gcuid seirbhísí agus fuair siad cóireáil don chéad uair. Rinne ár gcuid foirne síciatracha speisialtacha 400 measúnacht shíciatrach freisin do chliant a rinne freastal ar lárionaid andúilíochta Bhoird Sláinte. Thacaigh sé sin le hidirghabhálacha cóireála cuí a thionscnamh agus chuir ar a gcumas a gcúram a bhainistiú ag leibhéal áitiúil.

Rinneamar scéim phíolótach chomh maith leis sin ar chlár cóireála Heipitéas C ar an láthair do dhaoine a raibh Heipitéas C ag dul dóibh agus a rinne freastal ar an ionad. Ba é aidhm na scéime píolóta sin a chruthú gur socrúchán cóireála drugaí speisialtach atá i gcóireáil ar an láthair, a rinne éascaíocht ó thaobh othair a choinneáil i gcóireáil Heipitéas C. Taispeánann luath-tháscaí torthaí atá comparáideach le cláir



a bhíonn bunaithe san ospidéal. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuair eamar ó Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir (ERHA), leis an Dr. Colm Bergin, Comhairleoir i nGalair Ionfhabhtaithe, le hOspidéal Naomh Séamus agus le Schering-Plough as ucht na tacaíochta a thugadar don tionscnamh seo. I 2004 tá sé beartaithe againn an clár cóireála seo a leathnú chuig 20 duine a ghlacann drugaí agus a bhfuil Heipitíteas C ag dul dóibh.

Buaicphointe ab ea seoladh an leabhráin ar Heipitíteas C i 2003 "A Guide for Drug Users and their Families" a chuir an Dr. Shay Keating as Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí le chéile. Tugann an leabhrán seo a sheol an tAire Sláinte agus Leanaí an tUasal Micheál Martin i mí na Nollag, agus atá éasca le léamh treoir chuimsitheach do dhaoine a ghlacann drugaí agus a dteaghlach maidir le gach gné de Heipitíteas C. Scaipeadh an leabhrán go náisiúnta agus is acmhainn luachmhar é do dhaoine aonair, do theaghlaigh, do Dhochtúirí Teaghlaigh agus do ghairmithe sa réimse a

bhaineann le mí-úsáid substaintí agus na rioscaí sláinte a bhaineann leis.

I 2003 chuir an tsaotharlann tús le próiseas creidiúnaithe le Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann a thabharfaidh deimhniú breise ar na caighdeáin seirbhíse speisialtacha agus deachleachtas atá againn. Thuairiscigh an tsaotharlann ar dtús suntasach ar úsáid cóicín. Rinneamar 160,676 tástáil ar an iomlán le haghaidh cóicín ar 9,157 cliant. Astu sin, bhí 8.56% a raibh cóicín glactha acu. Leanaimid ag tabhairt aird ar riachtanais na ndaoine sin trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar ghrúpaí cóicín atá struchtúrtha go sonrach.

Rinneamar comhdhlúthú ar ár gclár speisialtach do dhaoine óga faoi 18 bliana d'aois trí Shíciatraí Óigeantachta agus Comhairleoir Leanaí a cheapadh, an Dr. Bobby Smyth, agus é sin déanta i gcomhair le Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas (SWAHB). Chuir sé sin ar ár gcumas breis forbartha a dhéanamh ar ár gclár, le deachleachtas a bhunú agus le tacú le tionscnaimh thaghde.



Chuir ár roinn taighde tús le staidéar arna choimisiúnú ag an ERHA ar ‘Bhealaí chun Cúraim’ do dhaoine óga faoi 18 bliana d’aois a bhí ag glacadh drugaí. Tabharfar an staidéar sin chun críche i lár 2004, agus tabharfaidh toradh an staidéir breis tacaíochta do pholasaí náisiúnta agus pleanáil seirbhíse i gcás dhaoine óga faoi 18 bliana d’aois.

Is liosta náisiúnta é an Liosta Cóireála Lárnach atá ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí maidir le gach cliant atá ag fáil cóireála meatadóin in Éirinn. Tá ról riachtanach ag an liosta a chinntiú go n-éiríonn le feidhmiú an Phrótacaíl Meatadóin (1998). Amhail an 31 Nollaig 2003, bhí 6,883 duine ar an liosta cóireála meatadóin in Éirinn. Is ardú 7% é sin ar 2002. As an 6,883 a bhí ag fáil cóireála, bhí 6,606 ag fáil cóireála i réigiún an oirthir. I 2003 rinneamar feabhsúcháin ar an gcóras TÉ, a chuir ar ár gcumas ár n-acmhainn tuairiscithe a fheabhsú.

I 2003 trí phróiseas comhairliúcháin leis an ERHA, glacadh go foirmiúil linn le gníomhnú mar shuíomh píolótach leis an ‘Tá Daoine tábhachtach – creat oibre le gearáin a láimhseáil go héifeachtach agus níos fearr i Réigiún an Oirthir’ a chur i bhfeidhm. Táimid muiníneach gur léiriú a bheidh sa méid a dhéanfaimid don píolót seo ar an gcultúr trédhearcachta atá againn agus mar atáimid dírithe ar an gcustaiméir agus go gcuideoidh sé linn forbairt bhreise a dhéanamh ar chaighdeán a leagan síos i ndea-chleachtas, agus mar sin ag cinntiú go mbeidh tosaíocht ag baint le riachtanais agus le

cumarsáid an chustaiméara. I 2004 leanfaimid ag déanamh athbhreithnithe ar ár gcuid seirbhísí chomh maith lena bhforbairt agus iad a chur chun cinn. Áirítear lenár bplean seirbhísí fiaclóireachta a bhunú ar an láthair dár gcliaint, i gcomhpháirtíocht le seirbhísí fiaclóireachta SWAHB.

Mar chuid dár dtiomantas a chinntiú go bhfuil cúram d’ardchaighdeán á sheachadadh tá sé beartaithe ag an mBord cur le timpeallacht fhisiciúil na seirbhíse. Áirítear leis sin ár gcóras aerála a leathnú agus tionscadal athchóirithe ardáin.

Ag teacht lenár straitéis Teicneolaíochta Cumarsáid an Eolais (ICT), chuir an Bord le hacmhainn tuairiscithe go leor dá gcuid córas. Áirítear orthu sin an Liosta Cóireála Lárnach agus an Córas Eolais Saotharlainne (LIMS). Cuireadh tús le cleachtadh le scóp an Chórais Othair Leictreonaigh a aithint a chuirfidh tuilleadh lenár n-acmhainn tuairiscithe agus muid ag leanúint le dea-chleachtas a stiúradh agus eolas a thabhairt faoi.

Táimid mórtasach as an gcumas atá againn foireann d’ardchaighdeán agus le taithí mhaith a mhealladh. Baintear é sin amach trí fheachtais earcaíochta straitéiseacha agus nuálacha a fhorbairt. I 2003, ainmníodh ár bhfeachtas earcaíochta do ghradam ‘Sárfhógraíocht Earcaíochta’ (EIRA). Tugann an gradam sin aitheantas d’fhógraí earcaíochta a bhíonn ag féachaint chun cinn. Tá an Bord thar a bheith

General Manager's Report



bródúil as ainmniú den sórt sin agus treisíonn leis an roinn as ucht an méid atá bainte amach aici.

Buaicphointe eile i 2003 ab ea an urraíocht fhlaithiúil a fuarthas ó Achainí Leanaí na Laplainne a chuir ar ár gcumas 18 leanbh de chuid ár gcliant a bhí ag freastal ar ár gcuid seirbhísí a chur go dtí An Laplainn. Thug sé seo deis iontach do na leanaí agus thaitin sé go mór leo. Táimid fíor-bhuíoch de Chiste Achainí na Laplainne as an urraíocht agus a bhflaithiúlacht agus don fhoireann a chuidigh leis an tionscnamh.

Léiríodh arís flaithiúlacht agus cineáltas na foirne de bharr an airgid charthanachta a bailíodh le linn 2003. Ina measc sin bhí €1,827.88 do na Oilimpeacha Speisialta a fuarthas mar gheall ar an mbronntanas a fuarthas ón gClár do Dhaoine Óga a chuir saothair ealaíne ar ceant, agus táimid fíor-bhuíoch dóibh. Bailíodh €1,122.86 do TRUST, seirbhís liachta agus shóisialta do dhaoine gan dídean, agus bailíodh €202.73 freisin do Chumann Ailse na hÉireann.

Thar ceann an Bhoird, na bainistíochta agus foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hlontaobhas Carthanachta Otharlann Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an ERHA as ucht a dtacaíochta leanúnaí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith leis sin don tacaíocht leanúnach a fhaighimid ón Roinn Sláinte & Leanaí, Focus



"Bhronn an fhoireann seic €1,127.86 ar Alice Leahy as TRUST"

Ireland, an Bord Taighde Sláinte, Ospidéal Naomh Séamus, Cuan Dara, Ospidéal Cherry Orchard agus Bharda Naomh Michael, Ospidéal Beaumont chomh maith leis na páirtneirí ar fad atá againn san earnáil dheonach agus reachtúil, le gnóthaí pobail áitiúla agus le soláthróirí seirbhíse pobail eile.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord agus lenár gCathaoirleach, an tUasal Denis P. McCarthy as ucht as a dtacaíocht leanúnach. Is léiriú í an tuarascáil seo ar obair chrua agus tiomantas an Bhoird agus na foirne, a d'oibrigh i 2003 lenár gcuid seirbhísí a fheabhsú.

Agus muid 34 bliain ag soláthar na seirbhíse seo leanaimid ag léiriú ár gcumas le hathruithe a stiúradh, a bhainistiú agus cur leo. Táimid dóchasach agus muiníneach agus muid ag tnúth leis an saol amach anseo.

Sheila Heffernan
Bainisteoir Ginearálta
Iúil 2004



I 2003 bhí muid fós chun cinn ó thaobh seirbhís speisialtach a sheachadadh. Mar lárionad cóireála drugaí bímid seasta ag déanamh meastóireachta agus ag feabhsú le seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh ag gach leibhéal laistigh den eagraíocht. Tugann ár seirbhís shainiúil ildhisciplíneach, a fhaigheann tacaíocht ónar saotharlann ar an láthair agus ó ghnéithe taighde atá againn, deis dúinn treochtaí a aithint i mí-úsáid drugaí agus comhairle a thabhairt ar fhreagraí agus ar idirghabhálacha cúí.

Mar phríomhsoláthróir seirbhíse leanaimid ag cur ár seirbhísí in oiriúint chun freastal ar riachtanais ár gcliant. Tionscnamh amháin den sórt sin is ea an freagra a thugaimid ar an ardú suntasach atá ar úsáid cóicín agus an fhorbairt a rinneamar mar gheall air sin ar ghrúpaí cóicín struchtúrtha le freastal ar na hathruithe sin atá ag titim amach.

Is dúshlán mór i gcónaí é Heipitéas C ó thaobh na ndaoine a bhíonn ag glacadh drugaí. Is mór an chúis misnigh í an tseirbhís chóireála phíolótach atá againn ar an láthair do dhaoine a bhfuil Heipitéas C orthu. Táimid ag tnúth leis an gcóireáil sin a leathnú chuig 20 cliant eile le Heipitéas C i 2004.

Leanaimid ag cur oiliúint speisialtach ar fáil do Dhochtúirí Ospidéal nach Comhairleoirí iad (NCHDanna) tríd ár rannpháirtíocht i scéimeanna oiliúna arna gcreidiúnú ag an gColáiste Ríoga Siciatraithe agus ag Coláiste Dhochtúirí Teaghligh na hÉireann. Soláthraimid socrúcháin, oiliúint agus oideachas freisin do ghairmithe a bhfuil baint acu le cóireáil, cúram agus bainistiú mhí-úsáid substaintí ar bhonn náisiúnta.

Clinical Director's Report



“Mar phríomhsoláthróir seirbhíse leanaimid ag cur ár seirbhísí in oiriúint chun freastal ar riachtanais ár gcliant.”



Agus muid beagnach 35 bliain ar an mbóthar táimid chun cinn i gcónaí ó thaobh treochtaí a chur in iúl maidir le mí-úsáid substaintí ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus leanann ár saotharlann ag cur fianaise ar fáil ar threochtaí a thacaíonn le forbairt polasaí agus le pleanáil seirbhíse.

Uaim féin agus thar ceann mo chomhghleacaithe comhairleacha, an Dr. Éamon Keenan, an Dr. Brion Sweeney, an Dr. Siobhán King (ag gníomhú) agus an Dr. Bobby Smyth, is mian liom ár mbuíochas a ghabháil as an tacaíocht a fuair eamar ón gCathaoirleach, an tUasal Denis P. McCarthy, ó Bhaill an Bhoird, ón mBainisteoir Ginearálta, Sheila Heffernan, Uasal agus ón bhfoireann bainistíochta shinsireach. Táthar fíor-bhuíoch as

tiomantas an Chláraitheora Shinsearaigh agus gach ball de na foirne ildhisciplíneacha, chomh maith leis an bhfoireann riaracháin agus tacaíochta ag Cúirt na Tríonóide, Bharda Naomh Michael, Ospidéal Beaumont agus Cuan Dara, Ospidéal Cherry Orchard.

An Dr. John O'Connor
Stiúrthóir Cliniciúil
Siciatraí Comhairleach i Mí-Úsáid
Substaintí
Iúil 2004



Prionsabail ár seachadadh seirbhíse

For-ordaíonn Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí na prionsabail mar atá siad leagtha amach ag an Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime, Córas Sláinte Duitse (2001), An Straitéis Náisiúnta Aids 2000 agus Straitéis Náisiúnta Drugaí na hÉireann 2001-2008 ó thaobh seachadadh seirbhíse d'ardchaighdeán a sholáthar, caighdeán chomhsheasmhacha ó thaobh forbairtí nua a phleanáil agus struchtúr cuntasachta atá soiléir agus cuimsitheach. Tá pleananna cóireála bunaithe ar leanúnachas cúraim agus ar chur chuige príomh-oibrí ó thaobh seirbhís gan locht a sholáthar.

Mar sholáthróir speisialtach tugaimid aghaidh ar na réimsí seo a leanas:

- A chinntiú go mbíonn gach seirbhís cothrom, éasca rochtain a fháil orthu agus iad oiriúnach do riachtanais.
- Comhionannas – aithnítear go bhfuil stádas comhionannais ag cliaint le gach cliant cúraim sláinte eile agus caitear amhlaidh leo, agus rochtain acu ar sheirbhísí príomhshrutha.
- Neamhspleáchas agus rogha.
- Cosc éifeachtach agus cur chun cinn sláinte.
- Lánstaonadh a bhaint amach, nuair is féidir sin a dhéanamh.
- Dochar a laghdú.

Tá dearadh agus seachadadh ár seirbhísí dírithe ar chliaint agus a dteaghlach. Táimid tiomanta dul i mbun comhairliúcháin d'ardleibhéal le cliaint ag glacadh le tuairimí cliant maidir le forbairtí nua seirbhíse, pleanáil straitéiseach agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí atá ann cheana féin. Leanaimid ag forbairt ár bhFóram Úsáideoirí Seirbhíse lena chinntiú go mbeidh pleanáil seirbhíse tacaíochta agus cumarsáide éifeachtach i bhfeidhm agus tionscnaimh d'ardchaighdeán.

Go deireanach i 2003 d'éirigh linn sa phlé a rinneamar leis an ERHA maidir le bheith ina suíomh píolótach do "Tá Daoine tábhachtach – creat oibre le gearáin a láimhseáil go héifeachtach agus níos fearr i Réigiún an Oirthir". Tosóidh an scéim píolótach sin go luath i 2004. Táimid ag tnúth leis an méid oibre a dhéanfaimid don phróiseas seo ó thaobh creat oibre dea-chleachtais a leagan síos ag an leibhéal náisiúnta.

Leanaimid ag soláthar seirbhísí dóibh siúd a mbíonn deacracht acu teacht ar sheirbhísí den sórt sin, lena n-áirítear daoine gan dídean/ar imeall, daoine óga, mionlacha eitneacha agus iad sin a bhfuil droch-fhadhbanna andúilíochta acu.

“Tá Daoine Tábhachtach” Creat Oibre le Gearáin a Láimhseáil

Thug an ERHA faoi athbhreithniú cuimsitheach réigiúnach maidir le nósanna imeachta, prótacail agus achomhairc ó thaobh gearán. Chuathas i mbun comhairliúcháin le soláthróirí agus le húsáideoirí seirbhíse sa réigiún. Mar chuid den athbhreithniú rinneadh coimisiúnú ar shuirbhé le taithí agus ionchais daoine a leagan síos maidir le seirbhísí sláinte.

Seoladh an creat oibre sin an 1 Meán Fómhair 2003 agus roghnaíodh muidne mar shuíomh píolótach. Trí mhí is ea an tréimhse ama a thugtar don scéim píolóta – ó Mhárta go Bealtaine 2004. Déanfar meastóireacht neamhspleách ar gach suíomh píolótach sula mbeidh feidhm leis an gcreat oibre sa réigiún.

Feabhsófar go mór an bealach a láimhsítear gearáin i Réigiún an Oirthir mar thoradh ar an gcreat oibre seo, lena n-áirítear:

- Éiteas comhoibrítheach ó thaobh gearáin a láimhseáil le chéile trí chóras athbhreithnithe neamhspleách agus piara a bheidh comhaontaithe.
- Cur chuige caighdeánach maidir le gearáin a láimhseáil ar fud an réigiúin agus a mbeidh cothromaíocht níos mó don othar/chliant mar thoradh air.
- Próiseas níos simplí a chiallóidh go mbeidh sé níos éasca ag othair/cliant gearáin a dhéanamh.
- Ag laghdú an méid ama a chaitear le gearán a réiteach.

- Comhphrionsabail agus nósanna imeachta a chinnteoidh go mbeidh taifead gearáin cuimsitheach agus caighdeánach i bhfeidhm agus go mbeidh post níos éasca ag an ERHA ó thaobh iniúchadh a dhéanamh agus ag an Ombudsman (sa chás go sroicheann an gearán an staid sin).
- Cathaoirleacht neamhspleách ar athbhreithnithe a thabharfaidh oibiachtúlacht agus cothromaíocht isteach don duine atá ag déanamh an ghearán agus don duine a mbeidh an gearán á dhéanamh faoi/fúthu.
- Oiliúint a chur ar fáil do bhainisteoirí gearán a chuirfidh lena gcuid scileanna fiosrúcháin.

Táimid muiníneach go léiríu breise a bheidh sa méid a dhéanfaimid don scéim píolótach seo ar an gcultúr trédhearcachta atá againn agus mar atáimid dírithe ar an gcustaiméir agus go gcuideoidh sé linn forbairt bhreise a dhéanamh ar chaighdeáin a leagan síos i ndea-chleachtas, agus mar sin ag cinntiú go mbeidh tosaíocht ag baint le riachtanais agus le cumarsáid an chustaiméara.




An tUasal Séamus Noone, Bainisteoir Oibríochtaí Cliniciúla, Sheila Heffernan Uasal, Bainisteoir Ginearálta agus an tUasal Alister Graham, ERHA ag seoladh scéim píolótach Tá Tábhacht le Daoine ag DTCCB.


ag soláthar

Treochtaí 2003

An líon iomlán cuairteanna ó chliaint



An líon daoine a fuair seirbhísí



I 2003, d'fhreastail 1,462 duine le haghaidh seirbhísí, agus 902 acu sin ar chláir cóireála dá gcuid. Bhain an 560 cliant a bhí fágtha leas as seirbhísí éagsúla lenar áiríodh idirghabhálacha síciatracha, síceolaíochta agus socheolaíochta. I 2003 ba é an cóimheas fir le mná ná 2:1.

Próifíl Inscne na gCásanna a ndearnadh Measúnacht orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2003

	Minicíocht	Céatadán
Fear	598	66.3
Bean	297	32.9
Ní Fios	7	.8
Iomlán	902	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Aoise na gCásanna a ndearnadh Measúnú orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2003

	Minicíocht	Céatadán
10-19	54	6.0
20-29	496	55.0
30-39	272	30.2
40+	80	8.9
Iomlán	902	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Stádas maireachtála na gcásanna a ndearnadh measúnacht orthu nó a fuair cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2003

	Minicíocht	Céatadán
Cóiríocht Sheasta	663	73.5
Institiúid (príosún, clinic)	7	.8
Gan dídean	172	19.1
Cóiríocht eile nach bhfuil seasta	59	6.5
Ní fios	1	.1
Iomlán	902	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Cásanna a ndearnadh Measúnacht orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2003

	Minicíocht	Céatadán
Codlaidíneacha	827	91.7
Ectasaí (agus mdma eile)	1	.1
Cóicín	30	3.3
Benzodiazpine	28	3.1
Canabas	15	1.7
Substaintí eile	1	.1
Iomlán	902	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Cásanna a ndearnadh Measúnacht orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord Lárionaid Cóireála Drugaí An Príomhdhrua a thuiriscigh an Bealach Riaracháin fadhb a bheith leis i 2003

	Instealladh	Tabac	Ithe	Tarraingt	Ní	Iomlán
		Tabac	Ól	Isteach	Fios	
Príomhdhrua a raibh fadhb leis (páipéar ó am go ham)	Codlaidíneacha	578	196	42	11	827
	Ectasaí (agus mdma eile)			1		1
	Cóicín	19	3		8	30
	Benzodiazepines			28		28
	Canabas		14	1		15
	Substaintí eile			1		1
	Iomlán	597	213	73	8	11

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

ag soláthar

Cásanna Nua a ndearnadh Measúnacht orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí

	Minicíocht	Céatadán
Codlaidíneacha	74	80.4
Ectasaí (agus mdma eile)	1	1.1
Cóicín	4	4.3
Benzodiazepines	5	5.4
Canabas	8	8.7
Iomlán	92	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Cásanna Nua a ndearnadh Measúnú orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí Bealach Riaracháin a Tuairiscíodh i gcás Príomhdhruaga a raibh fadhb leo i 2003

	Minicíocht	Céatadán
Instealladh	41	44.6
Tabac	36	39.1
Ithe/Ól	13	14.1
Tarraingt Isteach	1	1.1
Ní Fios	1	1.1
Iomlán	92	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Inscne de Chásanna 19 bliana déag d'aois agus faoi a ndearnadh Measúnú orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2003

	Minicíocht	Céatadán
Fear	31	57.4
Bean	23	42.6
Iomlán	54	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Aoise de Chásanna 19 bliana déag d'aois agus faoi ar dearnadh Measúnú orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2003

	Minicíocht	Céatadán
15	1	1.9
16	8	14.8
17	11	20.4
18	15	27.8
19	19	35.2
Iomlán	54	100.0

Foinse: Córas Náisiúnta Tuiriscithe Drugaí, An Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

I 2003 d'fhreastail 54 cliant ar an gClár do Dhaoine Óga agus fuair 23 acu sin idirghabhálacha cóireála don chéad uair.

Liosta Cóireála Lárnach

Is é Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí a dhéanann bainistiú ar an Liosta Cóireála Lárnach ina bhfuil liosta náisiúnta de chliant atá ag fáil cóireála meatadóin.

I mí Deireadh Fómhair 1998 tugadh isteach Prótacail Meatadóin agus é mar cheanglas ar gach othar a bhí ag fáil meatadóin a bheith ar chlár náisiúnta. Bhí ról tábhachtach ag an Liosta Cóireála Lárnach ó thaobh é sin a chur i bhfeidhm go sásúil.


Ag deireadh mí na Nollag 1998 bhí 3, 610 duine ar an iomlán ag fáil cóireála meatadóin. D'ardaigh an figiúr sin chuig 6,883 duine ag deireadh 2003, ag léiriú 91% ardú ar an líon daoine a bhí ag fáil rochtaine ar sheirbhísí cóireála meatadóin.

An líon cliant a bhí ag fáil Meatadóin ar an Liosta Cóireála Lárnach amhail an 31 Nollaig 1998 - 2003

Bliain	Líon Iomlán Clian
1998	3610
1999	4332
2000	5032
2001	5865
2002	6449
2003	6883

I 2003 rinne Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí feabhsúcháin ar an acmhainn a bhí ag Córas TÉ an Liosta Cóireála Lárnaigh maidir le tuarascálacha a scríobh. Chuir sé sin ar ár gcumas eolas caoithiúil, cruinn agus cuimsitheach a chur ar fáil do lucht pleanála seirbhíse agus do dhaoine a bhíonn ag déanamh polasaithe. Leanaimid ag gníomhú mar acmhainn do ghairmithe a bhfuil baint acu le cóireáil, cúram agus bainistiú mí-úsáid drugaí ar bhonn náisiúnta.

I 2003 rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí athbhreithniú ar an bPrótacail Meatadóin. Fáiltimid roimh an tuarascáil atá le foilsiú i 2004, a chinnteoidh creat oibre dea-chleachtais leanúnach.



Seirbhísí Heipitéas C

Is mar gheall ar Heipitéas C is mó a fhaightear ionfhabhtú víreasach ainsealach in Iarthar domhain. Aimsíodh Heipitéas C ar dtús i 1989, tugadh isteach tástáil antashubstaint do Heipitéas C in Éirinn i 1993. Is dúshlán ollmhór leighis é Heipitéas C i measc an phobail a bhíonn ag glacadh drugaí agus tionchar an-leathan pearsanta, sóisialta agus eacnamaíoch ag baint leis. As an 13,000 duine a mheastar a ghlacann drugaí i limistéar Bhaile Átha Cliath, creidtear go bhfuil Heipitéas C ag dul do 80% acu.

I 1994 bhunaigh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí clínic siúil-isteach dóibh sin a bhfuil Heipitéas C ag dul dóibh. Bhí an clínic ar an gcéad cheann dá chuid san Eoraip. Is é aidhm an chlínic déileáil le gach gné de Heipitéas C, tacaíocht a thabhairt d'othair agus oideachas a chur orthu agus iad a chur ar aghaidh i gcomhair cóireála nuair is cuí. Bíonn idirchaidreamh ag an gclínic leis na hionaid heipeateolaíochta ollmhóra i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin cuirtear cóireáil, oideachas agus feachtas chun cinn maidir leis na rioscaí a bhaineann le heipitéas C a tholgu trí úsáid drugaí agus caidreamh collaí gan chumhdach.

I 2003 rinneamar scéim phiólótach ar chlár cóireála Heipitéas C do naonúr daoine a raibh Heipitéas C orthu agus a bhí ag freastal ar an Lárionad Cóireála Drugaí. Ba é aidhm an staidéir seo ar an láthair ná measúnú a dhéanamh ar chomh éifeachtach is a bhí sé cóireáil a thabhairt d'othair laistigh de shuíomh cóireála drugaí speisialtach agus chun an bealach a gclóítear le cóireáil a fheabhsú. Rinneadh an scéim phiólótach sin i liaison leis an Aonad Galair Ionfhabhtaithe ag Ospidéal Naomh Séamus, le tacaíocht ón ERHA agus Schering Plough.

Ghlac an staidéar nuálach seo le cur chuige a bhí dírithe ar an gcliant. Chuir oifigeach liachta Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí tús le cóireáil agus rinne Altra Idirchaidrimh Heipitéas C comhordú air. Rinne síciatraí ainmnithe agus comhairleoir athbhreithniú ar gach cliant go rialta. Beidh torthaí an staidéir sin ar fáil go luath i 2004 ach is é tuairim réamh-thuarascálacha go bhfuil an tslí a bhfaigheann othair cóireáil agus mar a chloíonn siad leis comparáideach le cóireáil a sheachadtar in ospidéal.

D'fhreastail breis is 1,420 duine ar an gclínic Heipitéas C le linn 2003, ag léiriú 2% ardú ar 2002.



Le cuidiú le heolas a scaipeadh ar chliant Heipitíteas C, ar theaghlaigh agus ar ghairmithe chuireamar leabhrán eolais Heipitíteas C le chéile i 2003 dar teideal: "Hepatitis C "A guide for drug users and their families". Is é an Dr. Shay Keating a scríobh an leabhrán seo agus sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Micheál Martin é go foirmiúil i mí na Nollag 2003 agus scaipeadh é ar gach Dochtúir Teaghlaigh sa tír.

Tá sé riachtanach go mbeadh an t-eolas atá sa leabhrán seo ag dream a ghlacann drugaí, go háirithe iad sin a bhíonn á n-instealladh féin le drugaí a bhfuil baol ann go bhfuil Heipitíteas C orthu, nó go bhfuil diagnóis faighte acu. Tá an leabhrán áisiúil chomh maith do dhochtúirí, altraí agus do chomhairleoirí ó thaobh oideachas leanúnach a chur ar dhaoine a ghlacann drugaí maidir le Heipitíteas C. Tá sé beartaithe againn ár gclár cóireála Heipitíteas C a leathnú i 2004 chuig scór cliant breise.



An tUasal Denis P. McCarthy, Cathaoirleach, Sheila Heffernan Uasal, Bainisteoir Ginearálta, an tUasal Micheál Martin, an tAire Sláinte agus Leanaí, an Dr. Shay Keating, Oifigeach Míochaine ag seoladh leabhráin an DTCB ar Heipitíteas C "A Guide for Drug Users and their families".

ag stiúradh

Clinic Warfarin


Is féidir le duine a insteallann é/í féin le drugaí DVT nó PE a fháil mar gheall ar a bheith ag glacadh drugaí, rud atá in ann duine a mharú mura bhfaightear cóireáil dó. Is antaithéachtach é Warfarin (taibléad fritéacháin) a thanaíonn an fhuil agus a úsáidtear i gcóireáil DVT agus PE agus lena gcosc. Cuirtear tús le teiripe warfarin in ospidéal agus tá sé riachtanach go bhfaigheann an duine scrúduithe rialta ina dhiaidh sin le súil a choinneáil ar an dáileog Warfarin.

Leanann an clinic Warfarin ainmnithe a bhunaigh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2001 ag cur ról tábhachtach ar fáil ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar theiripe warfarin agus é a chomhlíonadh. Tríd chur chuige comhordaithe agus i gcomhair leis na hospidéal ghinearálta, leanaimid ag cinntiú go seachadtar plean cúraim cóireála cuimsitheach dóibh siúd atá i gcontúirt.


I 2003 d'fhreastail 820 duine ar an iomlán ar an gclinic, ag léiriú 15% ardú ó 2002.

Freastal ag Clinicí Speisialtacha 2002 - 2003

Warfarin



Heipitíteas C



Clinicí Sláinte Gnéis

Rítear na clinicí sláinte gnéis, a bunaíodh sa bhliain 2000 ag Cúirt na Tríonóide ar bhonn seisiúnach, i gcomhpháirtíocht leis an bhFeidhmeannas Galair Ionfhabhtaíocha (G.U.I.D.E) agus Míochaine Úraignitiúil in Ospidéal Naomh Séamus, Baile Átha Cliath. Tairgtear an tseirbhís seo do gach cliant a fhreastalaíonn ar an Lárionad Cóireála Drugaí agus é mar aidhm aige sláinte gnéis a chur chun cinn agus feacht maidir le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

Príomhchuspóir a bhí ann i 2003 an líon fear a bhí ag baint leasa as an tseirbhís a ardú. Rinneadh é sin trí bhreis fógraíochta a dhéanamh ar an tseirbhís in áiteanna a mbíodh cliant ag feitheamh. Thug an fhógraíocht inspreagadh do mhná a rinne freastal ar an lárionad a gcuid páirtithe a thabhairt leo agus iad ag fáil comhairliúcháin. Bhain an fhoireann chliniciúil leas chomh maith leis sin as cur chuige forghníomhach le buntáistí na seirbhíse a chur chun cinn.

Déantar measúnú ar gach gné de shláinte gnéis agus feacht. Cuirtear scagadh ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha ar fáil do gach duine agus seirbhís tástála smeartha ceirbheacsáigh do mhná. Tairgtear comhairle ar shláinte gnéis agus ar frithghiniúint, agus cuirtear daoine ar aghaidh chuig clinicí speisialtacha le haghaidh breis scrúdaithe. I 2004 cuirfear bileog eolais ar fáil do chliant, ag díriú ar an tseirbhís clinic sláinte gnéis agus ar shaincheisteanna a bhaineann le cúram sláinte..

Clár do Dhaoine Óga (YPP)

Bunaíodh an Clár do Dhaoine Óga i 2001 le freastal ar na riachtanais a bhí ag ardú i measc dhaoine óga a bhí ag iarraidh cóireála i gcás mí-úsáid substaintí, agus go leor acu gan dídean. Glacann an clár le cur chuige iomlán le haghaidh a thabhairt ar riachtanais

fhisiciúla, shíceolaíochta, mhothúchánacha agus shóisialta an duine óig. Cuirtear tús leis sin le measúnú a dhéanann foireann ildhisciplíneach cuimsitheach le plan cóireála a fhorbairt. Tugann córas oibre lárnach tacaíocht do na plananna cóireála seo agus déanann monatóireacht agus athbhreithniú orthu. Tá gach iarracht á dhéanamh teaghlach agus/nó daoine eile atá gar don duine óg a bheith rannpháirteach sa mheasúnú, sa chóireáil agus sna cruinnithe athbhreithnithe.

Faigheann an clár tacaíocht ó fhoireann ildhisciplíneach atá tiomanta, le hardscileanna agus taithí. Ó thaobh na riachtanais ar fad a bhíonn ag daoine óga a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha acu le drugaí oibrimid i gcomhair le ghníomhaireachtaí seachtracha trí chomhphleanáil agus obair idirghníomhaireacht. I 2003 rinneamar comhdhlúthú ar an gclár trí Chomhairleoir i Síciatracht Leanáil agus Ógánach a cheapadh i gcomhar le Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas. Chuir sé sin ar ár gcumas breis forbartha a dhéanamh ar ár gclár, dea-chleachtas a leagan síos agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh thaighde.

Tá go leor de na daoine óga a dhéanann freastal ar an tseirbhís an-tugtha do dhruaí (go hiondúil do hearóin/cóicín) agus go leor acu gan dídean. Ó thaobh an tsaineolais speisialtaigh laistigh den tseirbhís tá an acmhainn againn measúnachtaí a dhéanamh ar dhaoine óga, a chuirtear ar aghaidh ó ghníomhaireachtaí eile, sa chás go mbíonn imní ann maidir leo a bheith ag glacadh drugaí. Cuireann an clár fáilte roimh a leithéid de dhaoine a chur chucu agus iad mar chuid lárnach de ghníomhaíocht idirghníomhaireacht dár seirbhís treasach.

Seirbhísí Teiripeacha YPP

- Teiripe Teaghlach
- Comhairleoireacht aonair
- Idirghabhálacha Gairide
- Agallaimh Inspreagtha
- Idirghabháil Géarchéime
- Teiripe Milieu

Seirbhísí Cóireála Míochaine YPP

- Cobhsú
- Díthocsainiú
- Faire galair víreasacha/fola
- Cur Chun Cinn Sláinte Gnéis

Seirbhísí Speisialtacha YPP


- Measúnachtaí sláinte intinne leanáil agus óganaigh
- Measúnachtaí síceolaíochta agus forbartha
- Clinicí sláinte gnéis
- Seirbhísí mná cabhracha idirchaidrimh
- Teiripeacha comhlántacha
- Obair shóisialta agus measúnacht chúram leanáil agus tacaíocht

Clár Sóisialta YPP

- Obair ghrúpa
- Ealaín agus dearadh
- Forbairt Phearsanta
- Scríbhneoireacht chruthaitheach
- Ranganna ceoil
- Oideachas litearachta
- Réiteach fadhbanna
- Cosc ar athiompú
- Imeachtaí áineasa agus turais

Tá an Clár do Dhaoine Óga (YPP) tiomanta d'fhorbairt taighde sna réimse seo a leanas: riachtanais daoine óga a ghlacann drugaí, éifeachtacht cóireála agus cúiseolaíocht úsáid drugaí i measc ógánach. Tairgeann an YPP deiseanna foghlama d'oiliúnaithe freisin, ó chúltraí ilghairme, trí shocrúcháin oibre maoirsithe.

I 2004 leanfaimid ag forbairt idirghabhálacha cóireála a dhíreoidh ar riachtanais daoine óga a fheastalaíonn ar an tseirbhís. Tá forbairt á déanamh faoi láthair ar phlean tionscadail sonraithe leis an gclár a threorú isteach i 2004 agus 2005. Is é aidhm an phlean go mbeidh cóireáil sa YPP ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá ionstraim measúnaithe á phíolotú faoi láthair le daoine óga a cuireadh ar aghaidh le haghaidh cóireála mar gheall ar mhí-úsáid substaintí. Tá córas nua planáil cóireála á fhorbairt chomh maith le tacú le cur chuig aonair agus grúpaí.



Saotharlann Náisiúnta Anailíse Drugaí

Soláthraíonn ár saotharlann an tseirbhís scagtha 'drugaí mí-úsáide' is mó sa tír. Tacaíonn sé le hidirghabhálacha cóireála cuí agus treochothaí náisiúnta ó thaobh mí-úsáide substaintí a aithint.

Faigheann an tsaotharlann samplaí fuail agus fola ó láithreacha éagsúla go náisiúnta, ina measc ionaid cóireála, clinici satailíte, dochtúirí teaghlaigh, eagraíochtaí deonacha, Boird Sláinte, An Roinn Oideachais, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Promhadh agus Leas agus Cúirt Drugaí Bhaile Átha Cliath.

Le linn 2003 rinneamar ar an iomlán 941,949 tástáil ar 163,701 sampla. Rinneadh 789 tástáil bhreise i gcomhair leibhéil meatadóin fola. Bhí 464 difreáil codlaidíneach ann, aithníodh 459 zimovane agus rinneadh 2,569 luachálacha benzodiazepine.



An tUasal Michael Lyons, Príomhfheidhmeannach Réigiúnach, ERHA, an tUasal Denis P McCarthy, Cathaoirleach DTCB agus an tUasal Richard Maguire, Príomhbithcheimicéir, DTCB.

Dhírigh an tiomantas a bhí againn an caighdeán is airde tástála a sholáthar an chuid is mó dár n-aird ar chórais d'ardchaighdeán a ullmhú agus a fhorbairt do Bhord Creidiúnaithe na hÉireann (INAB) le tabhairt chuig caighdeán ISO 17025. Táthar ag tuar go gcuirfear críoch leis an gcleachtadh sin i 2004. lean an tsaotharlann ag seachadadh sárfeidhmíochta ó thaobh scéimeanna tástála oillteachta, Austox agus UKNEQAS, ag léiriú chumas na saotharlainne torthaí comhsheasmhacha a sheachadadh ar féidir brath orthu.



Gníomhaíocht Saotharlainne 2003

Bliain	2003
An líon samplaí fuail a tástáladh	163,701
Déantar suas go dtí 8 thástáil aonair de réir gach sampla fuail	941,939
Leibhéil Meatadóin Fola	789
Difreáil Codlaidíneach (GC-MS)	464
Difreáil Benzodiazepines(HPLC)	2,569
Zimovane	459

Áirítear le gnáthsheirbhísí Codlainíneacha a chinneadh, chomh maith le 6-Acetyl Morphine, Benzodiazepine, Meatadóin, EDDP, Canabas, Amfataimíní/Ectasaí, Cóicín agus frithdhúlagraín Tri-cyclic tríd immunoassay agus alcól le himoibriú dathanna einsímeach.

Áiríodh ar an réimse seirbhísí speisialtach a rinneadh i 2003:

- Difreáil codlaidíneacha ag baint leasa as GC-MS tar éis eastóscadh pas soladach.
- Difreáil Benzodiazepines tríd HPLC tar éis eastóscadh pas soladach.
- Zimovane a aithint tríd GC-MS tar éis eastóscadh leacht-leacht.
- Leibhéil fola meatadóin a chinneadh ag baint leasa as teicnicí immunoassay.
- Taibléid nach bhfuil fios fúthu agus substaintí a aithint le GC-MS.

Le linn na bliana d'athraíomar ó bheith ag tástáil fuail le haghaidh Meatadóin chuig tástáil le haghaidh EDDP, ar meitibilít de Meatadóin é a léiríonn cruthúnas ionghabhála. Roimhe seo bhíodh toradh go raibh Meatadóin i láthair mar gheall ar truaillmheascadh agus is uirlis áisiúil a bhí sa tástáil seo le héagsúlú Meatadóin a laghdú.

Cuireadh le córas TÉ na saotharlainne tuilleadh le cur ar ár gcumas an t-am a bhfaightear toradh ar ais a fheabhsú, ag léiriú ár dtiomantas maidir le torthaí a chur ar fáil dá gcustaiméirí in achar ama chomh gearr agus is féidir linn.

I 2003 bhí comhoibriú ag an saotharlann chomh maith le léiriú chlár Primetime RTÉ. Chinn an staidéar sin cé chomh mór agus a bhí cóicín le fáil i dtithe tabhairne i gceantar Bhaile Átha Cliath trí mhaipíní a thógáil, as

ag tabhairt eolais

áiteanna éagsúla, le feiceáil an raibh cóicín i láthair ag baint úsáide as GC-MS. Chuidigh sé sin le feasacht maidir le húsáid cóicín a ardú, i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre.

Bliain	Cóicín (% Dearfach)
2001	4.43
2002	6.96
2003	8.56

Táimid tiomanta coinneáil cothrom le dáta ar fhorbairtí i dTocsaineolaíocht anailíse. Rinneadh é sin trí ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí ag cruinnithe idirnáisiúnta ina measc: The Society of Forensic Toxicologists (SOFT), The International Association of Forensic Toxicologists (TIAFT) agus The European Workplace Drug Testing Society.

Taighde

Is cuid lárnach a bhí i dtaighde agus a bheidh i dtaighde ó thaobh ár gcuid oibre. Tugann ár seirbhís deis le taighde a dhéanamh tríd ár gcleachtas cliniciúil. Tugtar tacaíocht dó sin le saotharlann anailíse drugaí ar an láthair agus scéimeanna oiliúna fostaíochta a bhfuil taighde sainordaitheach mar dhlúthchuid díobh. Tugtar tacaíocht bhreise dó seo le Síciatraithe Comhairleacha a bhfuil taithí leathan acu sa réimse. Trí thaighde beidh sé mar aidhm againn forbairtí nua sa réimse andúilíochta a stiúradh, sonraí a chur le chéile ar éifeachtaí polasaí agus an tionchar a bheidh ag cleachtas cóireála drugaí amach anseo.

Áiríodh ar an taighde a rinneadh i 2003:

Bealaí chuig Seirbhísí Cóireála Andúilíochta do Dhaoine Óga

Thugamar faoi staidéar arna choimisiúnú ag an Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir (ERHA) ar 'Bealaí chuig Seirbhísí Cóireála Andúilíochta do Dhaoine Óga'. Is é an bonnmhíniú a bhí leis sin ná tacaíocht a thabhairt do phleanáil seirbhísí cóireála

andúilíochta amach anseo do dhaoine óga faoi aois 18 i limistéir cheantar an ERHA. Ba é an cuspóir a bhí ann iniúchadh a dhéanamh orthu seo a leanas:

- Taithí an phróisis tharchurtha cóireála,
- Fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar chinneadh dhuine óg leanúint ar aghaidh i gclár cóireála drugaí
- Taithí an teaghlaigh ar chlár cóireála a mic nó a n-iníon.

Tá an taighde seo á dhéanamh ag baint leasa as modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla araon lena n-áirítear ceistiúcháin agus agallaimh. Tabharfar chun críche é i 2004.


Cóireáil Heipitíteas C ar an Láthair laistigh de láthair cóireála drugaí speisialacht

Tá sé measta go bhfuil Heipitíteas C faighte ag 80% de na daoine a ghlacann hearóin i réigiún an oirthir. Tá sé cruthaithe gur éirigh le cóireáil Heipitíteas C le hinteiféarón i gcás dhaoine nach nglacann drugaí. Tá sé deacair cóireáil a dhéanamh ar Heipitíteas C i measc lucht tógála drugaí mar gheall ar shlí maireachta gan ord ar bith, gan dídean, dífhostaíocht, bochtanas agus mar gheall nach nglactar go maith leis na héifeachtaí eile a bhaineann le cóireáil (inteiféarón).

Gné lárnach den staidéar seo ab ea cóireáil daoine a ghlacann drugaí a bhfuil Heipitíteas C orthu i láthair cóireála drugaí speisialtach. Glacadh le cur chuige ildhisciplíneach a thug le chéile obair chlinic Heipitíteas C sin againn féin agus seirbhísí síciatracha, altranais agus comhairleoireachta, agus Clinic GUIDE in Ospidéal Naomh Séamus. Molann réamhthorthaí an staidéir seo, a cuireadh i láthair ag seoladh leabhráin eolais an Dr. Shay Keating i mí na Nollag 2003 "Hepatitis C – A guide for drug users and their families", go bhfuil éifeachtacht comparáideach le cóireáil a fhaightear san ospidéal.

Treochtaí reatha ó thaobh mí-úsáide substaintí in Éirinn

Is é aidhm an staidéir seo léargas a thabhairt ar na treochtaí reatha maidir le mí-úsáid substaintí, ag breathnú go háirithe ar na rátaí mí-úsáide i gcás drugaí éagsúla dleathacha agus mídhleathacha. Tarraingeoidh sé aird ar an treocht atá ag ardú maidir le mí-úsáid cóicín agus cuirfidh chun cinn an riachtanas atá ann seirbhísí coiscithe príomha a bhunú. Táthar ag tuar go bhfoilseofar torthaí an staidéir seo i 2004.



Sheila Heffernan Uasal, Bainisteoir Ginearálta, An tUasal David Gunnarson, Rúnaí Buan, An tAire Sláinte & Slándála Sóisialta, An Íoslainn, Banchéile David Gunnarson agus an Dr. John O'Connor, Stiúrtóir Cliniciúil.

Coiste Eiticí

Tugann ár gCoiste Eiticí a bunaíodh i 2002 tacaíocht dár roinn taighde. Mar fochoiste den Bhord Bainistíochta is é ról an Choiste comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le gach taighde cliniciúil agus trialacha drugaí laistigh de Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Chas an coiste le chéile ar feadh 2003 le hathbhreithniú agus breithmheas a dhéanamh ar mholtaí taighde cliniciúil éagsúla, faoi Chathaoirleach an Bhreithimh Kevin Lynch.

I mí Iúil 2003 tugadh cuireadh do gach Bord Sláinte Limistéar agus d'Ospidéal Dheonacha leas a bhaint as na seirbhísí Coiste Eiticí atá againn laistigh den DTCB. Táimid ag tnúth leis an tseirbhís luachmhar seo a roinnt amach anseo. Tá ionadaíoch ag baill míochaine, dlí, bainistíochta agus tuata ar an gcoiste. Tairgeann gach ball den choiste a gcuid seirbhísí i gcumas deonach agus tugann an Bord aitheantas dá gcuid oibre, a ndúthracht agus a dtiomantais ó thaobh tacaíocht a thabhairt do Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí.

Eolas a Scaipeadh

I 2003 fuaireamar níos mó ná 2,300 iarratas foirmiúil le heolas a fháil ar andúilíocht ó mhic léinn, tuismitheoirí, soláthróirí seirbhíse eile agus iad sin a bhfuil baint acu le mí-úsáid substaintí.

Tá ról tábhachtach i gcónaí ag ár saoráidí leabharlainne leathana ó thaobh oideachas a chur orthu sin a bhíonn ag obair sa disciplín chomh maith le rochtain a thabhairt d'fhostaithe agus do mhic léinn mar chuid dá n-oideachas leanúnach. Tá an tseirbhís ar fáil i gcónaí do ghairmithe a bhíonn ag féachaint rochtain a fháil ar irisí speisialtacha agus foilseacháin. Tá an tseirbhís chomh maith leis sin ina cnámh droma d'fhostaithe a bhíonn ag déanamh monatóireachta ar threochtaí ó thaobh andúilíocht, cóireáil agus cleachtas gairmiúil.

Ardaíonn an líon cuairteoirí a théann isteach chuig ár láithreán gréasáin www.addictionireland.ie gach bliain. Ar an meán tháinig 75% de dhaoine isteach chuig ár suíomh go díreach tríd ár seoladh láithreán gréasáin. Bhí an líon a chuaigh isteach chuig an suíomh go háirithe ard le linn fheachtais earcaíochta agus le linn don leabhrán eolais ar Heipitíteas C a bheith á sheoladh. D'ardaigh an rochtain chuig an suíomh go 82% cuairteoirí suímh le linn na dtréimhsí sin.

Tá páipéir taighde a chuir Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí le chéile agus iad sin a bhaineann lenár n-eagraíocht ar fáil ar ár láithreán gréasáin. (www.addictionireland.ie)



Seirbhísí Cliniciúla

Soláthraimid seirbhís cóireála speisialtach do lucht tógála drugaí agus muid de shíoraí ag cur ár gcuid seirbhísí in oiriúint le freastal ar riachtanais na gcliant. Le linn 2003 fuair 1,462 duine leas as ár gcuid seirbhísí agus iad ag fáil tacaíochta ó fhoireann ildhisciplíneach a raibh taithí mhaith acu agus ardscoilleana agus ina raibh cúigear Síciatraithe Comhairleacha i mí-úsáid substaintí.


Soláthraítear chomh maith leis sin seirbhís tacaíochta agus comhairleach náisiúnta do ghairmithe a bhfuil baint acu le cóireáil, cúram agus bainistiú mí-úsáid drugaí. Tugtar tacaíocht bhreise dó sin trí pholasaithe, nósanna imeachta agus prótacail a scaipeadh maidir le idirghabhálacha dea-chleachtas, míochaine agus teiripeach.

Seirbhísí Cliniciúla Speisialtacha

Measúnacht Shíciatrach agus Míochaine Ghinearálta
Cosc agus Cóireáil Ionfhabhtuithe Víreasacha
Idirchaidreamh Mhná Cabhracha
Clinic Sláinte Gnéis

Seirbhísí Cóireála Míochaine

Díthocsainiú
(othair chónaitheacha agus eis-othair)
Cláir Chothabhála Meatadóin
Cláir Chobhsaithe
Cúram Príomha
Faire Galair Víreasacha/Fola
Clár cóireála Heipitíteas C



Measúnacht Shíciatrach/Ghinearálta

Is fada comh-easláine síciatrach aitheanta mar fhadhb an-deacair ó thaobh cúraim cóireála agus bainistíocht othar a bhfuil stair mí-úsáide substaintí acu. Léiríonn taighde a rinneadh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí gur shroich 50% de dhaoine RDC (Critéir Diagnóiseach Taighde) i gcás tinneas dúlagair ag tráth éigin dá saol.

I 2003 rinneadh ar an iomlán 524 measúnacht shíciatrach do chliaint a bhí mar othair chónaitheacha ag Cuan Dara, Ospidéal Cherry Orchard, agus Bharda Nmh. Micheál, Ospidéal Beaumont. Rinne ár bhfoirne speisialtacha 400 measúnacht bhreise do chliaint a bhí ag freastal ar sheirbhísí cóireála drugaí bhoird sláinte. Thacaigh sé sin le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála cuí agus chuir ar a gcumas cúram a bhainistiú ag leibhéal áitiúil.

Cosc ar Ionfhabhtuithe Víreasacha

Cuspóir bhunúsach dár gcláir chóireála drugaí is ea scaipeadh tinnis víreasacha a chosc. Déantar tinnis a chosc trí sheirbhísí clínicíúla a sheachadaítear atá tiomanta do HIV agus Heipitíteas a chosc agus a chóireáil, agus baintear amach an cosc sin trí dhianchlár scagtha agus vacsaínithe, malairt snáthaide agus clár cur chun cinn sláinte. Is é aidhm an chlár cóireáil éifeachtach, d'ardchaighdeán agus cóireáil atá dírithe ar an gcliant a sholáthar, a fhaigheann tacaíocht ó réimse seirbhísí cúram príomha agus dlúth idirchaidreamh le hospidéal ghinearálta agus le seirbhísí síciatracha.

ag cothú

Seirbhísí Chúram Príomha

Tá ár gcuid seirbhísí cúram príomha leagtha amach le:

- Sláinte agus leas cliant a chur chun cinn trí sholáthar comhairle, eolais agus cláir oideachais.
- Teacht i gcabhair ar dhuine ag tráth luath den tinneas agus mar sin ag laghdú an baol go dteastóidh go géar ón duine dul isteach san ospidéal.
- Leanúnachas cúraim a sholáthar i gcomhair le hospidéal shíciatracha agus míochaine ginearálta, ospidéal mháithreachais, dochtúirí teaghlaigh agus boird sláinte.

Bíonn réimse Seirbhísí Chúram Príomha ann ó othrais, easpaí, gearrthaí agus cneánna a ghlanadh agus/nó uamanna a bhaint amach, go dtí cógais síceatrópacha agus ginearálta. Soláthraimid chomh maith leis sin seirbhís a dhéanann riarachán agus monatóireacht ar chógais speisialtacha, e.g. instealladh antaithéachtach, eolas míochaine ginearálta, comhairle ar aiste bia agus súil a choinneáil ar mheáchan. Ceann de na seirbhísí cúram príomha lárnacha atá againn is ea maoirsiú a dhéanamh ar chomhchógas teiripe i gcóireáil HIV, chomh maith le riarachán maoirsithe a dhéanamh ar chógais eitinne.

Tionscnamh Siúl Isteach/Seirbhísí Éigeandálacha

15%
ardú

Year	Number of Services
2002	331
2003	379

Tríd an tionscnamh siúl isteach/seirbhísí measúnaithe éigeandála rinneamar 379 measúnacht le linn 2003, ardú 14% ar 2002. Áiríodh ar na buntáistí rochtain dhíreach chuig seirbhísí measúnaithe do dhaoine a ghlacann drugaí agus deis le seirbhísí cuí a phleanáil atá bunaithe ar a gcuid riachtanas.

Seomra Súgartha do Leanaí

Is é an éiteas a bhaineann le seomra súgartha do leanaí ná socrú inspreagtha, sábháilte agus taca atá dírithe ar an leanbh a sholáthar do leanaí a thagann chuig an gclinic in éineacht lena dtuismitheoirí nó caomhnóirí. Tá an seomra súgartha do leanaí leagtha amach ar shlí atá inspreagtha do leanaí lena gcumas aonair agus sóisialta a fhorbairt agus a leathnú. Tugtar ugacht do leanaí iad féin a chur chun cinn i dtimpeallacht shábháilte, shásta agus struchtúrtha. Gníomhaíonn an tseirbhís chomh maith mar acmhainn do thuismitheoirí.

Ar an iomlán thug 3,936 leanbh cuairt ar an seomra súgartha, 14% ardú ó 2002. Is ionann an figiúr sin agus os cionn 328 cuairt chuig an seomra súgartha gach mí nó os cionn 82 cuairt in aghaidh na seachtaine. Le linn na bliana d'oibrigh an seomra súgartha le 235 leanbh aonair. Leanamar ag seachadadh ár gcúrsa tuismitheoireacht aitheanta agus bhí dhá chúrsa againn i 2003 ar éirigh go maith leo le 8 dtuismitheoir aonair ag glacadh páirte iontu. Rítear iad sin i gcomhair le Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC).

I mí na Nollag 2003 tríd urraíocht charthanachta ó Achainí Leanaí na Laplainne, chuaigh 18 leanbh ar thuras chuig An Laplainn. D'éirigh go breá leis an turas agus, i gcás go leor de na leanaí, deis a bhí ann nach bhfaighidh siad go brách arís.

Chuir na leanaí féilire le chéile chomh maith, agus bronnadh an brabús as sin (circa €60) ar Childline.

Leanann an Roinn Teiripe Súgartha ag obair i gcomhair le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) i gCearnóg Mhuirfean ag soláthar suímh ina gcomhlánaíonn mac léinn coláiste socrúchán taithí oibre bliana sa seomra súgartha.

I measc ár gcuid pleananna do 2004 tá forbairt tionscnaimh a chuirfidh cúram fiacloireachta maith chun cinn i measc na leanaí.

Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh agus Comhairleoireachta

I 2003 d'oibrigh ár gcuid Comhairleoirí mar chuid de fhoirne ildhisciplíneach le seirbhísí comhairleoireachta aonair agus grúpa a sholáthar.

Tugann comhairleoireacht/ sícíteiripe deis dár gcliaint iniúchadh a dhéanamh ar saincheisteanna, mar chaidrimh, mothúchánach, fisiciúil agus mí-úsáid gnéis, cailteanas, scaradh, méala, féinluach, cur suas le himní, olc agus mothúcháin eile, conas cur suas le tinneas, cosc ar athiompú agus spleáchas/mí-úsáid polasubstaint.

Tá tacaíocht teaghlaigh leanúnach, seisiúin teiripe aonair agus grúpa agus idirghabháil géarchéime i measc na seirbhísí a bhíonn ar fáil do theaghlaigh na gcliant a bhíonn ag freastal ar an Ionad.

I 2003 d'fhreastail 4,341 duine le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta. Lean an grúpa tacaíochta teaghlaigh ag soláthar seirbhís tacaíochta thábhachtach, a léirigh an 502 a

rinne freastal. Leanaimid ag tabhairt seirbhísí eolais, comhairle, comhairleoireachta agus seirbhísí le daoine a chur ar aghaidh le haghaidh cóireála agus oibreimid le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile. I Meán Fómhair 2003, mar fhreagra ar an ardú mór a bhí ar mí-úsáid cóicín, rinneadh breis leathnaithe ar ár ngrúpaí cliant le rochtain ar chlár struchtúrtha do dhaoine a ghlacann cóicín a éascú.

Tá sé ar intinn againn i 2004 clár comhairle oideachais alcóil a bhunú do gach cliant. Le linn 2003 sholáthair an roinn comhairleoireachta 6 socrúchán do mhic léinn ina rinneadh maoirsiú agus monatóireacht ar sheirbhísí i gcomhair le coláiste tríú leibhéal: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste LSB/DBS agus NUI, Maigh Nuad. Le linn na bliana bhí comhairleoirí forghníomhach chomh maith ó thaobh cuairteanna a thug gairmithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile a éascú le heolas agus saineolas a roinnt

An líon a d'fhreastail ar sheirbhísí comhairleoireachta i 2003

2003
4,341

An líon a d'fhreastail ar ghrúpaí tacaíochta teaghlaigh i 2003

2003
502

ag cothú

Seirbhísí For-rochtana

Oibríonn na foirne ildhisciplíneacha i gcomhairliúcháin leis an gcliant lena gcuid riachtanais, cóireáil agus roghanna athshlánaithe a aithint agus le plean chúram aonair cuí a fhorbairt. Bíonn baint ag seirbhísí for-rochtana chomh maith le seirbhísí a sholáthar do chliaint ó thaobh saoráidí a phleanáil d'othair chónaitheacha agus d'eisothair. Bíonn idirchaidreamh ag an roinn le grúpaí reachtúla agus deonacha laistigh den phobal. Soláthraítear iarchúram, cur chun cinn sláinte agus tacaíocht idirghabhála géarchéime do chliaint agus a dteaghlach.

Tá ról lárnach i gcónaí ag for-rochtain ó thaobh liostaí feithimh a bhailíochtú, ag cinntiú go bhfuil tuarascáil stádais reatha againn agus teagmháil a chothabháil le cliant atá ar an liosta. I gcomhpháirtíocht le seirbhísí do dhaoine gan dídean, tháinig trasna ar dhaoine a ghlacann drugaí a dteastaíonn géar-chóireáil uathu agus le linn 2003 thugamar tosaíocht do 18 duine ar theastaigh cóireáil thapa uathu. Chuidigh tionscnamh den sórt sin le haghaidh a thabhairt arís ar na riachtanais ghéara atá acu sin atá gan dídean agus a dteastaíonn cóireáil uathu.

Rinne for-rochtain comhordú ar fhorbairt phlean cúraim praiticiúil agus éifeachtúil a cuireadh le chéile go sonrach dár seirbhís speisialtach. Tá scéim phíolótach á dhéanamh ar an bplean faoi láthair agus cuirfear ag obair é i 2004. Cinntíonn tionscnaimh den sórt sin go mbíonn ár gcórais riaracháin dírithe agus go dtugann siad tacaíocht do sheirbhísí cliant.

Seirbhísí Obair Shóisialta

Oibríonn an Roinn Obair Shóisialta mar chuid den fhoireann ildhisciplíneach. Oibríonn sí córas oibre lárnach a sholáthraíonn réimse seirbhísí, lena n-áirítear luathidirghabháil agus idirghabháil chaoithiúil le teaghlach 'atá i mbaol'. Tugtar tacaíocht dó sin trí thacaíocht agus idirchaidreamh le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha. I 2003 d'fhreastail 5,481 duine ar sheirbhísí obair shóisialta agus chríochnaigh an roinn breis is 270 tuarascáil do na cúirteanna. Leanann na grúpaí cliant aitheanta leis an ról tábhachtach atá acu ó thaobh athshlánú cliant i réimsí a bhaineann le feacht alcóil, litearachta agus ceoil. Sholáthair an Roinn Obair Shóisialta socrúcháin mac léinn chomh maith i gcomhair le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.


An líon a d'fhreastail ar sheirbhísí obair shóisialta i 2003

2003
5481

Seirbhísí Idirchaidrimh Mhná Cabhracha

Leanaimid ag soláthar seirbhísí idirchaidrimh mhná cabhracha dár gcliainnt i gcomhair leis na Boird Sláinte Limistéar agus leis na trí ospidéal máithreachais i mBaile Átha Cliath. Is é aidhm na seirbhísí sin go mbeidh rochtain ag mná atá ag iompar clainne ar chúram réambheirthe agus iarbheirthe cuimsitheach. I 2003 bhain 197 bean leas an tseirbhís, ardú 5% ar 2002. Gníomhaíonn an fhoireann mná cabhracha mar acmhainn eolais agus oideachais do na foirne níos leithne laistigh de Bhord an Lárionaid Cóireála

Seirbhísí Idirchaidrimh Mhná Cabhracha



An Roinn Altranais

Leanann ár bhfoireann altranais lena ról lárnach ó thaobh agus iad ag comhordú, ag déanamh measúnachta, ag planáil agus ag seachadadh cúram cliant d'ardchaighdeán. I 2003 leanadar ag seachadadh seirbhísí altranais den scoth i gcomhair le disciplíní agus le gníomhaireachtaí eile. Chomh maith leis leanann an fhoireann ag cur chun cinn sláinte agus leas cliant trí chláir chomhairle, eolais agus oideachais a chur ar fáil.


Trí chóras oibre lárnach tacaíonn an fhoireann le forbairt pleananna cúram agus bealaí a chinntíonn go mbíonn córas aistrithe cúraim i bhfeidhm ónár seirbhís treasach chuig seirbhísí chúram príomha agus tánaisteacha.

Grúpa Ceoil

Tuigtear an mhaitheas a bhaineann le ceol mar idirghabháil theiripeach laistigh dár n-eagraíocht. Is é aidhm an ghrúpa ceoil a bunaíodh i 2001 talainn chruthaitheacha ár gcliainnt a chur chun cinn agus caint agus leaganacha cainte a éascú trí mheán an cheoil. Faigheann an grúpa tacaíocht ón fhoireann chruithaitheach agus ilthréitheach atá i mBord an Lárionaid Cóireála Drugaí agus an grúpa anois mar chuid thábhachtach de na seirbhísí a sholáthraimid.

Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta

Tá ár gcuid bpearsanra riaracháin agus tacaíochta riachtanach lena chinntiú go seachadtar réimse leathan seirbhísí go héifeachtúil agus go héifeachtach. Áirítear leo sin pearsanra ó airgeadas, acmhainní daonna, fáilte agus taifid leighis, rúnaithe ón bhfoireann chliniciúil, oifigigh cléireachais, Oifigeach T.E., cúntóirí ginearálta, maoirseoir foirgníochta agus foirne a bhíonn i gcionn an tí, ar chonradh baile agus foirne baile. Tugann an Bord aitheantas don sárobair a dhéanann na foirne sin dár n-eagraíocht.



Seirbhísí Leasa

Ceist	2003
Tithíocht agus Cóiríocht	843
Airgeadas (Leas Shóisialaigh, Liúntais agus Sochair etc.)	347
Míochaine (cártaí liachta, liúntas míchumais etc.)	313
Leanaí (Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora, sochar leanaí etc.)	17
Ilghnéitheach	12
An Líon Iomlán Ceisteanna	1532

Lean ár Seirbhísí Leasa a bunaíodh i 2002 ag obair leis na cliant i 2003 i gcomhair lenár gcuid foirne ildhisciplíneacha agus le gníomhaireachtaí seachtracha. Tá ról tacaíochta láidir ag an tseirbhís seo thar ceann na gcliant ar fad agus iad i gcónaí ag féachaint le naisc a bhunú, a chothabháil agus a láidriú le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha araon.

Is factóir suntasach é cóiríocht ó thaobh daoine a chur ar aghaidh chuig an tseirbhís agus is fiosruithe faoi chóiríocht iad go leor de na ceisteanna a fuarthas isteach. Is é aidhm na seirbhíse a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ag gach cliant ar an tseirbhís.



Tugadh faoi na tionscnaimh seo a leanas i 2003:

- Comhpháirtíocht le For-rochtain Shíomóin Bhaile Átha Cliath le béim ar chliaint gan dídean.
- Comhpháirtíocht le Cóiríocht Íostais Shíomóin Bhaile Átha Cliath le béim ar chóiríocht mheántéarmach do chliaint.
- Comhpháirtíocht le hAonad Tithíochta Rochtaine le béim ar Shocrúchán i gCóiríocht Phríobhaideach ar cíós.
- Bunaíodh caidrimh láidir oibre leis an Aonad do Dhaoine gan Dídean le béim ar dhaoine a chur ar aghaidh le haghaidh Cóiríocht Shealadach.
- Bunaíodh caidreamh láidir oibre le Rannóg Bainistíochta Eastát Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath.
- Bunaíodh caidreamh láidir oibre leis an bhfoireann ildhisciplíneach do dhaoine gan dídean.
- Bunaíodh caidreamh láidir oibre le Threshold.

Tá sé beartaithe againn meicníochtaí a bhunú i 2004 le rochtain ar chóiríocht d'ardchaighdeán a fheabhsú agus le naisc níos láidre a bhunú le lucht bainistíochta eastáit i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leanfaimid chomh maith leis sin ag cruthú caidrimh bhreise le heagraíochtaí reachtúla agus deonacha eile.



Oideachas agus Oiliúint

Agus í ar an tseirbhís is faide bunaithe sa tír, le breis is 34 bliain taithí bhí ról ar leith againn ó thaobh oiliúna agus oideachais leanúnaigh a chur ar ghairmithe sa réimse a bhaineann le mí-úsáid substaintí. Éiríonn linn é sin a dhéanamh trí chláir oiliúna foirmiúla, shocrúcháin agus chúrsaí.

I 2003 leanamar ag soláthar oiliúna don tseirbhís phríosúin, d'institiúidí tríú leibhéal, do bhoird sláinte agus do ghairmithe eile. Cuid lárnach d'eiteas na heagraíochta is ea oideachas leanúnach. Soláthraíodh breis oideachais agus oiliúna do ghrúpaí tacaíochta, phríosúnaigh agus do chliaint a bhí in ionaid athshlánaithe.

Sholáthair an Dr. Shay Keating breis oiliúna ar mhic léinn Heipitíteas C in institiúidí tríú leibhéal éagsúla. Soláthraíodh seisiún oideachais chomh maith leis sin d'fhoireann chliniciúil atá ag obair sa réimse a bhaineann le mí-úsáid substaintí.

Foilsíodh leabhrán eolais a scríobh an Dr. Shay Keating ó Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí: "Hepatitis C A Guide for Drug Users and their Families". Tugann sé seo treoir do dhaoine agus do theaghlach a bhfuil Heipitíteas C ag cur isteach orthu agus é éasca le léamh.

Dochtúirí Ospidéal Neamh-Chomhairleacha

Leanaimid ag soláthar oiliúint speisialtach do 15 Dochtúir Ospidéal Neamh-Chomhairleacha (NCHDanna) tríd an rannpháirtíocht a bhí againn i scéimeanna oiliúna arna gcreidiúnú ag Coláiste Ríoga Siciatraithe agus ag Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann.

Soláthraímid socrúcháin do lucht oiliúna a bhí rannpháirteach sna Rothluithe Oiliúna in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, in Ospidéal Naomh Eoin Baisteadh agus in Ospidéal an Mater. Rinne an Coláiste Ríoga Siciatraithe creidiúnú ar na rothluithe sin.

I 2004 tá sé beartaithe go dtabharfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairt ar an Ionad lena dheimhniú go leanfar ag cur oiliúna ar dhochtúirí sealadacha atá cláraithe ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Cuirimid fáilte roimh chuairteanna den sórt sin agus iad an-tábhachtach lena chinntiú go leanaimid ag soláthar caighdeán oiliúna dea-chleachtais do dhochtúirí a bhíonn ag obair sa réimse mí-úsáide substaintí.



Socrúcháin Fostaíochta Coláiste LSB

Mar sholáthróir seirbhíse atá chun cinn sa réimse a bhaineann le mí-úsáid substaintí déanaimid éascaíocht ar ár n-oiliúint ghairmiúil trí shocrúcháin. Is cuid d'oiliúint roinnt gairmeacha agus disciplíne iad seo. Bíonn deis ag na daoine a ghlacann páirt iontu gnéithe a bhaineann le seirbhísí cliniciúla speisialtacha a fheiceáil iad féin agus cláir chóireála, chomh maith lenár saotharlann náisiúnta anailíse drugaí. Le linn 2003 ghlac 159 gairmithe páirt i bhfoghlaím ag an obair. Áiríodh orthu sin altraí, oibríthe sóisialta, comhairleoirí, pearsanra otharchairr, síceolaithe, oibríthe cúram leanaí, pearsanra saotharlainne agus riaracháin.

Le roinnt blianta anuas tá tús curtha ag an LSC, mar institiúid tríú leibhéal aitheanta le Céim Mháistreacht in Sicanailís. Mar chuid dá n-oiliúint tairgtear socrúcháin sé mhí do mhic léinn san Ionad seo. Go dtí seo tá teagasc agus oiliúint curtha ar fáil againn do 12 mac léinn. Socraítear cuairteanna cliniciúla faoi dhó sa bhliain i gcás 10 mac léinn eile a bhíonn páirteach sa chúrsa.

Gairmithe Chúram Leanaí

Tairgtear socrúchán bliana do mhic léinn ón Scoil Eolaíochta ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Freastalaíonn mic léinn ar chruinnithe inmheánacha agus seachtracha a bhíonn ag an bhfoireann ildhisciplíneach le linn an ama a chaitheann siad ag an Ionad. Tugann sé sin deis do na mic léinn taithí a fháil iad féin ar réimse na riachtanas agus na bhfreagraí a sholáthraítear do leanaí a bhfuil fadhbanna le mí-úsáid drugaí ag a dtuismitheoirí.

ag forbairt

Comhairleoirí

Féadfaidh mic léinn a bheidh ag freastal ar chúrsaí comhairleoirta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath nó ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath socrúcháin a fháil mar chuid dá n-oiliúint ina ndéanann foireann chomhairleoireachta dá gcuid a bhfuil tairbhí mhaith acu maoirseacht orthu.

Oibrithe Sóisialta

Chuir an Roinn Obair Shóisialta socrúcháin ar fáil do mhic léinn i gcomhair le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Mic Léinn Eolaíochta

Is obair ardspeisialtach í formhór an obair a dhéantar sa saotharlann atá againn. Tá aitheantas tugtha ag institiúidí tríú leibhéal don saotharlann mar áit gur fiú freastal uirthi agus áit a mbíonn an-tóir ag mic léinn uirthi le haghaidh tairbhí oibre, ag tabhairt deis dóibh tairbhí a bhaint amach i saoráid den scoth. Áirítear ar na saoráidí sin DIT, Sráid Chaoimhín agus Tamhlacht, Institiúidí Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Ceatharlach agus Sráid Chathail Brugh.

Teicneolaíocht Chumarsáid an Eolais

Leanamar ag feidhmiú ár Straitéis Teicneolaíochta Chumarsáid an Eolais (ICT). Rinneadh feabhsúcháin le linn 2003 agus suiteáladh córais nua, agus bhí rochtain níos tapúla agus níos sábháilte chuig ríomhphost, an Idirlíon agus chuig ríomhchláir bunachair sonraí mar thoradh air.

Leagadh amach ár láithreán gréasáin as an nua (www.addictionireland.ie) agus cuireadh ríomhchlár bainistíochta ábhar san áireamh ann agus mar sin air sin tá rochtain níos éasca ag cuairteoirí ar an suíomh.

Feabhsaíodh córas eolais ár saotharlainne chomh maith ag cinntiú go mbeidh torthaí tástálacha ar fáil do chliniceoirí agus do ghairmithe cúram sláinte go caoithiúil agus i bhformáid atá éasca a léamh.

Tá sé beartaithe againn tús a chur le forbairt Córas Othar Leictreonach i 2004 a chuirfidh go leor de na sruthanna oibre atá ann faoi láthair ar an ríomhaire, chomh maith le héifeachtúlachtaí agus cúram cliant a fheabhsú. Cuirfear chomh maith lenár gcumas tuairiscithe.

Acmhainní Daonna

Lean an roinn AD ag gníomhú mar acmhainn do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí i 2003, le tacú le seachadadh leanúnach a dhéanamh ar sheirbhís d'ardchaighdeán.

Táimid mórtasach as an gcumas atá againn foirneann atá ardcháilithe le tairbhí mhaith a mhealladh isteach. Déantar é sin trí fheachtas earcaíochta straitéiseacha agus nuálacha. Ainmníodh ár bhfeachtas earcaíochta le haghaidh gradam fógraíochta i 2003. Tugtar aitheantas mór do na gradaim "Excellence in Recruitment Advertising" (EIRA) ó thaobh fógraí earcaíochta a bhreathnaíonn chun cinn. Tá siad ar na gradaim earcaíochta is tábhachtaí sa tír. Tá an Bord thar a bheith mórtasach as ainmniú mar sin a fháil agus tréasaíonn leis an roinn as an méid a bhain sí amach.

Tá leagan amach na heagraíochta agus seachadadh seirbhísí dírithe ar chliant agus ar a dteaghlach. Trí ghairmithe le hardcháilíochtaí agus tairbhí a mhealladh agus a choinneáil táimid ag cinntiú go leantar ag seachadadh an tseirbhís

ardchaighdeáin speisialtach atá againn. I mí Meán Fómhair 2003 seoladh feachtas earcaíocht dar teideal “a climate of change, a culture of improvement” sna meáin náisiúnta. Chuir an feachtas earcaíochta seo caoga agus a ceathair iarrthóir le chéile a chomhlánaigh suirbhé a bhaineann leis an taithí a fuair siad ag déanamh iarratais ar phost leis an mBord mar chuid dá n-agallaimh. Cinnteoidh an t-eolas a fuarthas go leanfaimid ar aghaidh mar fhostóir roghanna i gcónaí.


I measc na ndaoine atá fostaithe ag an ionad tá daoine a oibríonn laistigh de fhoirne ildhisciplíneacha ó na disciplíní seo a leanas: Comhairleoireacht, Obair Shóisialta, Eolaithe, Dochtúirí, Altraí, Oibríthe Cúram Leanaí, Síceolaíocht, Leas, Riarachán, Cúntóirí Ginearálta agus Oibríthe Tionscadal. Ón 31 Nollaig 2003 bhí 110 ball foirne ionann le foireann lánaimseartha fostaithe againn. Ba é 1:2 an cóimheas fir le mná. Bhain an Bord amach a sprioc 3% chomh maith leis sin i 2003 ó thaobh daoine le míchumas atá fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí.

Leanaimid ag forbairt ár bPolasaí Oiliúna agus Forbartha a chinntíonn go mbeidh rochtain ag gach fostaí ar oiliúint agus ar forbairt phearsanta. I 2003 freastalaíodh ar bhreis is 115 cúrsa oiliúna agus forbartha, comhdhálacha agus seimineáir, laistigh d’Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Áiríodh ar na cúrsaí oiliúna a bhí ann i 2003: Andúilíocht agus Úsáid Druaí, Géarchéim agus Méala: ECDL; Láimhsiú Sábháilte, Sainoiliúint Finnéithe, Pleanáil Clainne, Scileanna Bainistíochta agus Scríbhneoireacht Tuairisce. Cuireadh leis an gclár ionduchtaithe do Dhochtúirí Ospidéal Neamh-Chomhairleacha a dhéanann éascaíocht do suas le tríocha dochtúir a bhíonn i mbun oiliúna gach bliain trí oiliúint idirghabhála géarchéime neamh-fhoréigneach a thabhairt isteach, atá curtha in oiriúint go sonrach dár dtimpeallachta oibre speisialtach agus

déanann ár bhfoireann a cháiligh mar oiliúnaithe i 2003 seachadadh air. Leanamar chomh maith leis sin ag tabhairt inspreagadh d’fhostaithe leas a bhaint as breisoideachais agus tacaíochta ó thaobh freastal ar chúrsaí oiliúna foirmiúta trí leibhéal, ina measc: Teastas i Staidéar Andúilíochta, Céim in Eolaíocht Cheimiciúil, Céim i gCórais Eolais, Diplóma i Staidéir Bhainistíochta, Diplóma Iar-chéime i Staidéir Dlí, Ard-Diplóma in Altranais Chleachtais, Diplóma Iar-chéime i Síciteipe, PhD i Sicanailís, Teastas i mBainistíocht na Seirbhíse Sláinte agus Staidéir Idirghabhála.

Tugann an roinn AD aitheantas don chomhoibriú agus don tacaíocht a thug an fhoireann bainistíochta shinsearach, bainisteoirí líne, coiste foirne, maoirseoirí agus foireann, an ERHA, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Gníomhaireacht na bhFostóirí sa tSeirbhís Sláinte agus Ceardchumainn le linn 2003.

Tá sé beartaithe againn i 2004 lámhleabhar a fhorbairt d’fhostaithe a thabharfaidh tacaíocht do chlár ionduchtaithe ginearálta. Leanfaimid ag cur ár bpróisis ar an ríomhaire agus a bheith forghníomhach ó thaobh feasachta a chruthú faoi thionscnaimh éagsúla atá á stiúradh ag an rialtas, e.g. Cothromaíocht sa Saol Oibre agus Feasacht ar Míchumas.



An tUasal Alan Furlong, Comhairleoir Sinsearach a bhain Máistreacht MA (Onóracha) amach i Staidéir Andúilíochta.



An tUasal Paul Murray Oifigeach TÉ a bhain B.Sc (Onóracha) amach i gCórais Eolais

ag forbairt

Sláinte Ceirde

Is é aidhm na seirbhíse sláinte ceirde leas fisiciúil, meabhrach agus sóisialta gach fostaí a oibríonn san Ionad a chur chun cinn agus a chothabháil.

Bunaíodh an roinn i 2001 agus tairgítear ann réimse cuimsitheach seirbhísí gairmiúla lena n-áirítear measúnachtaí sláinte (réamh-fhostaíocht agus aclaí le filleadh ar an obair), vacsaíniú in aghaidh chontúirtí bitheolaíochta éagsúla - Heipitíteas C go háirithe, vacsaín an fliú, measúnachtaí riosca, céadcabhair, comhairle sláinte agus sábháilteachta, cur chun cinn sláinte, oideachas sláinte, agus tástáil na súl. Déanann an roinn comhordú chomh maith ar oiliúint in athbheochan cairdascamhógach (CPR), dé-eascláid, céadcabhair, maor dóiteáin, agus láimhsiú sábháilteachta. Déantar ionadaíocht ar shláinte ceirde ar fho-choistí éagsúla lena n-áirítear ár gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta.

Fuair 43 duine den fhoireann oiliúint in Idirghabháil Géarchéime Neamh-Fhoiréigneach le linn 2003. Mar ullmhúchán ar fheidhmiú na reachtaíochta nua ar chaitheamh tabac, cuireadh tús le grúpaí chun tabac a chaitheamh in aer tríd an Roinn Sláinte Ceirde le cuidiú leis an bhfoireann agus iad ag stopadh ag caitheamh tabac. Beidh an roinn forghníomhach ó thaobh leas maith fisiciúil, meabhrach agus sóisialta na bhfostaithe ar fad a chur chun cinn agus tabharfar isteach pleananna le bileog eolais foirne a chur ar fáil le tacú leis sin.

Ráitis Airgeadais

Taispeánann dréachtráitis airgeadais don bhliain dár críoch 2003 ioncam iomlán €7,662,402 agus €7,492,492 de mar leithroinnt deontais ón ERHA. Léiríonn na dréachtráitis sin barraíocht €165,047. Le linn na bliana fuair an Bord €230,000 chomh maith le haghaidh mionoibreacha caipitiúla.

Leanann an roinn ag déanamh athbhreithnithe agus ag tabhairt córais cothrom le dáta a chuideoidh le bainistiú eolais a sheachadadh go cuí agus go caoithiúil.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Sláinte agus Leanaí agus le hÚdarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir as ucht a dtacaíochta agus a gcomhoibriú le linn 2003.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas (1997)
Is é polasaí an Bhoird an tAcht um Íoc Pras Cuntas (1997) a chomhlíonadh. Tá córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí lena chinntiú go gcuirtear forálacha iomlána an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997) i bhfeidhm. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm le gach idirbheartaíocht agus gach íocaíocht a rianú de réir théarmaí an Achta agus déantar athbhreithniú leanúnach ar na aischuir chuí ón gcóras cuntasáíochta. Soláthraíonn nósanna imeachta an Bhoird, a chomhlíonann dea-chleachtas a nglactar leis tríd is tríd, deimhniú réasúnach, ach ní dearbhú iomlán maidir le neamh-chomhlíonadh an Achta. Tá sé mar chleachtas againn chomh maith leis sin athbhreithniú a dhéanamh agus gníomh cóir a ghlacadh maidir le haon eachtraí a d'fhéadfadh teacht chun cinn nach gcomhlíontar an tAcht. Chomhlíonaigh an Bord forálacha an Acht go hiomlán i 2003 agus tá áthas orainn a rá nach raibh an Bord dlíte as aon íocaíocht úis chuig creidiúnaithe.